Comhairle Chontae Liatroma
Leitrim County Council

# Plean Corparáideach Chomhairle Contae Liatroma

## 2024 - 2029



www.leitrim.ie

# CLÁR NA NÁBHAR

Brollach....3
An Fhís....4
An Misean....5
Liatroim d'aon amharc....6-7
An Chomhairle....8
Comhalta na Comhairle....9
Struchtúr na hEagraíochta....10
A nDéanaimid....11
Ar Bhaineamar Amach 2019-2024....12
An Timpeallacht Oibriúcháin....13
Bonn Eolais a Chur faoin bPlean Corparáideach....14
Na Spriocanna Straitéiseacha....15
- Pobail a Chothú....16 - 17
- Gnólachtaí agus an Geilleagar a Fhás....18 - 19
- Áiteanna agus an Timpeallacht a Fhorbairt....20 - 21
- An Eagraíocht a Fheabhsú....22 - 23

Na Bunluachanna agus Prionsabail Rialachais atá againn....24
Cur chun Feidhme agus Monatóireacht....25
Aguisín 1....26 - 27
Aguisín 1 – Pleananna agus beartais AE, Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla agus reachtaíocht a bhfuil tionchar acu ar obair Chomhairle Contae Liatroma
Aguisín 2....28 - 30
Próiseas Comhairliúcháin Phoiblí
Aguisín 3....31
Measúnú ar chomhlíonadh Dhualgas na hEarnála Poiblí
Aguisín 4....32 -39
Sonraí Bonnlíne 2023

# Brollach

Cúis sásaimh dúinn fís Chomhairle Contae Liatroma don tréimhse cúig bliana atá romhainn a chur os bhur gcomhair, Liatroim mar áit bheoga inbhuanaithe agus deiseanna ann do chách. Tá Plean Corparáideach 2024 – 2029 againn mar an creat straitéiseach leis an bhfís seo a bhaint amach.

Maidir leis na spriocanna agus cuspóirí uaillmhianacha atá sa Phlean Corparáideach seo, táimid i ndiaidh iad a chur le chéile bunaithe ar phróiseas comhairliúcháin inar éisteadh le tuairimí agus aiseolas ón bpobal, ón Líonra Rannpháirtíochta Poiblí, ó Chomhaltaí Tofa, ón nGrúpa um Beartas Corparáideach agus ó fhostaithe i ngach cuid den eagraíocht.

Sna cúig bliana atá romhainn, beidh Comhairle Contae Liatroma ag plé le dúshláin agus deiseanna. Bíonn tionchar ar an leibhéal áitiúil mar gheall ar na dúshláin mhóra sa tsochaí, cuir i gcás an t-athrú aeráide, domhandú, suaitheadh teicneolaíochta agus athruithe ar an déimeagrafaic a imríonn tionchar ar éilimh ar sheirbhísí poiblí. Ina theannta sin, bíonn dúshláin airgeadais ann ós rud é go mbímid ag brath ar mhaoiniú láraithe, ach leanfaimid ar aghaidh le deiseanna maoinithe a aimsiú agus a lorg le cuspóirí faoin bplean a bhaint amach.

Agus muid ag dul i ngleic leis an tionchar ó dhúshláin reatha agus dúshláin úra don Chontae agus don Chomhairle, beimid ag tarraingt ar cheannaireacht shibhialta láidir, plé gníomhach le pobail agus lenár bpáirtithe leasmhara agus tacaíocht againn ó lucht saothair atá dúthrachtach, díograiseach agus solúbtha.

Ós comhlacht poiblí muid, tá freagrachtaí orainn comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna a chosaint. Déanfaimid cur chuige ionchuimsitheach a fhorbairt a bheidh dírithe ar an duine agus seirbhísí á soláthar agus á gceapadh. Táimid díograiseach faoi na hoibleagáidí atá orainn i dtaobh seirbhísí digiteacha agus na Gaeilge a chomhlíonadh. Anuas air sin, mar bhonn faoinár gcuid oibre beidh an clár oibre maidir le gníomhú ar son na haeráide agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

Táimid muiníneach go mbeidh an plean seo lárnach in iarrachtaí le fás inbhuanaithe a bhaint amach i gContae Liatroma a rachaidh chun tairbhe do gach saoránach, gnólacht agus cuairteoir sa chontae.



*Seosamh Mac Giolla Ghuala,*
*Príomhfheidhmeannach*




*An Clr Paddy O'Rourke*
*Cathoirleach*



# An Fhís

Liatroim mar áit uaillmhianach, bheoga, inbhuanaithe, nasctha faoi rath agus bláth agus deiseanna ann do chách.



# An Misean


Ceannaireacht uaillmhianach a léiriú agus fuascailtí dinimiciúla, nuálacha, inbhuanaithe, freagrúla a chur ar fáil dár bpobail agus ceantair ionas go mbeidh Liatroim ar an áit is fearr dá bhfuil ann mar áit chónaithe, áit oibre, áit déanta gnó agus ceantar le cuairt a thabhairt air.

# Liatroim d'aon amharc

## CO. LIATROMA

Cúige Chonnacht
Iarthuaisceart na hÉireann.

**1,590 KM²**



**DAONRA**
**35,199**

(Daonáireamh 2022 ) ar 10% de mhéadú é ar an daonra ón daonáireamh roimhe seo in 2016.

**40.7 BLIAIN**
MEÁNAOIS DAOINE

**71%**
ÚINÉIREACHT ACU AR A N-ÁITEANNA CÓNAITHE FÉIN

AERFORT SHLIGIGH VIA N15

AERFORT BHÉAL FEIRSTE VIA N16

AERFORT BHAILE ÁTHA CLIATH VIA N4

AERFORT IDIRNÁISIÚNTA IARTHAR ÉIREANN

**18.6%**
65 BLIAIN NÓ OS A CHIONN

**11%**
SAORÁNAIGH NACH ÉIREANNAIGH IAD

AN DAONRA BAINEANN
**17,646**
(Daonáireamh 2022)

AN DAONRA FIREANN
**17,553**
(Daonáireamh 2022)


STAITISTICÍ UM MÍCHUMAS
**22%** = Liatroim
**78%** = Contaetha Eile

## LIATROIM : A NDÉANANN DAOINE

| | |
|---|---|
| 2022 Bainisteoirí, Stiúrthóirí agus Oifigigh Shinsearacha | 6% |
| 2022 Gairmiúil | 19% |
| 2022 Comhlach, Gairmiúil agus Teicniúil | 10% |
| 2022 Riarachán agus Rúnaíocht | 10% |
| 2022 Ceirdeanna | 17% |
| 2022 Cúram, Fóillíocht agus Seirbhísí Eile | 9% |
| 2022 Díolacháin agus Seirbhísí do Chustaiméirí | 6% |
| 2022 Oibrithe Próiseála, Gléasra agus Meaisíní | 8% |
| 2022 Ról Bunaidh | 8% |
| Gan sonrú | 7% |

# Liatroim d'aon amharc

Tá 3 Cheantar Bardasach sa Chontae bunaithe ar na 3 cinn de Thoghlimistéir Áitiúla, is iad sin Béal an Átha Móir, Cora Droma Rúisc agus Cluainín. Tá seisear (6) Comhaltaí Tofa i ngach ceantar bardasach acu.




- Ceantar Bardasach Chluainín
- Ceantar Bardasach Bhéal an Átha Móir
- Ceantar Bardasach Chora Droma Rúisc

## CLUAINÍN

**12,224**

**DAONRA IOMLÁN DE RÉIR TOGHCHEANTAR ÁITIÚIL (DAONÁIREAMH 2022)**

18.5% — % den daonra faoi bhun 15 bliana d'aois

60.9% — % den daonra atá 15-64 bliain d'aois

20.6% — % den daonra atá 65+ bliain d'aois

**MEÁNAOIS 42.53**

## BÉAL AN ÁTHA MÓIR

**10,341**

**DAONRA IOMLÁN DE RÉIR TOGHCHEANTAR ÁITIÚIL (DAONÁIREAMH 2022)**

18.4% — % den daonra faoi bhun 15 bliana d'aois

60.7% — % den daonra atá 15-64 bliain d'aois

20.9% — % den daonra atá 65+ bliain d'aois

**MEÁNAOIS 42.65**

## CORA DROMA RÚISC

**12,634**

**DAONRA IOMLÁN DE RÉIR TOGHCHEANTAR ÁITIÚIL (DAONÁIREAMH 2022)**

20.2% — % den daonra faoi bhun 15 bliana d'aois

60.2% — % den daonra atá 15-64 bliain d'aois

19.6% — % den daonra atá 65+ bliain d'aois

**MEÁNAOIS 41.38**

# An Chomhairle

18 gcomhalta tofa in 3 Cheantar Bhardasacha atá ar an gComhairle. Is iad na comhaltaí a dhéanann an Cathaoirleach gach bliain. In éineacht leis an nGrúpa um Beartas Corparáideach, déanann 4 Choiste um Beartas Straitéiseach (CBS) beartas a fhorbairt agus a mholadh don Chomhairle go nglacfar leis. Is é an Feidhmeannas a thugann faoi na seirbhísí a sholáthar agus an Príomhfheidhmeannach á stiúradh.




# Comhaltaí na Comhairle

Ceantar Bardasach Chluainín

Ceantar Bardasach Bhéal an Átha Móir

Ceantar Bardasach Chora Droma Rúisc




## Ceantar Bardasach Chluainín


An Cllr.
**Mark Bohan**
Fianna Fáil


An Cllr.
**Padraig Fallon**
Sinn Féin


An Cllr.
**James Gilmartin**
Gan Pháirtí


An Cllr.
**Felim Gurn**
Gan Pháirtí


An Cllr.
**Eddie Mitchell**
Gan Pháirtí


An Cllr.
**Justin Warnock**
Fianna Fáil

## Ceantar Bardasach Bhéal an Átha Móir


An Cllr.
**Brendan Barry**
Sinn Féin


An Cllr.
**Róisín Kenny**
Sinn Féin


An Cllr.
**Enda McGloin**
Fine Gael


An Cllr.
**Paddy O'Rourke**
Fianna Fáil


An Cllr.
**Gary Prior**
Fianna Fáil


An Cllr.
**Ita Reynolds Flynn**
Fine Gael

## Ceantar Bardasach Chora Droma Rúisc


An Cllr.
**Paddy Farrell**
Fianna Fáil


An Cllr.
**Cormac Flynn**
Sinn Féin



An Cllr.
**Des Guckian**
Gan Pháirtí


An Cllr.
**Sean McGowan**
Fianna Fáil


An Cllr.
**Maeve Reynolds**
Fine Gael


An Cllr.
**Enda Stenson**
Gan Pháirtí

# Struchtúr na hEagraíochta



# A ndéanaimid

Tá ról tábhachtach ag Comhairle Contae Liatroma sa daonlathas agus san obair le 1,000 seirbhís a sholáthar do na saoránaigh, gnólachtaí agus cuairteoirí i limistéar na Comhairle. Bímid ag obair ar mhaithe le forbairt gheilleagrach, pobail, chultúrtha, timpeallachta agus shóisialta sa Chontae. I gcroílár gach a ndéanaimid tá an inbhuanaitheacht sa Chontae agus muid ag caitheamh súil chun tosaigh don am atá le teacht. Is ón rialtas láir, ó rátaí tráchtála, cáin mhaoine agus táillí as seirbhísí a dhéantar an Chomhairle a mhaoiniú. Tá liosta iomlán de na seirbhísí ar fad sna húdaráis áitiúla ar fad ar an leathanach gréasáin Do Sheirbhísí Rialtais Áitiúil | Rialtas Áitiúil Éireann.

https://www.localgov.ie/ga/services

### Na hEalaíona agus Cultúr



Tugann Comhairle Contae Liatroma tacaíocht d'fhéilte agus d'imeachtaí, d'ionaid ealaíon agus chultúir, agus d'ealaíontóirí trí bhíthin deontas leis na healaíona agus an chruthaitheacht chun cinn.

### Gnó agus Geilleagar



Cuirfidh Comhairle Contae Liatroma tacaíocht agus comhairle ar fáil, chomh maith le deontais ghnó tríd an Oifig Fiontair Áitiúil, chun cuidiú le gnólachtaí fás agus forbairt.

### Pobal



Tugann Comhairle Contae Liatroma tacaíocht do ghrúpaí pobail agus deonacha, spreagann an fhorbairt pobail agus cuireann an inrochtaineacht, imeascadh agus ionchuimsiú chun cinn.

### Clár na dToghthóirí





Déanann Comhairle Contae Liatroma Clár na dToghthóirí a bhainistiú agus a leasú chun dáta do na daoine ar fad sa chontae a bhfuil vóta acu.

### Seirbhís Éigeandála



Soláthraíonn Comhairle Contae Liatroma seirbhísí ríthábhachtacha éigeandála, lena n-áirítear an tseirbhís dóiteáin, cosaint shibhialta, sábháilteacht uisce agus freagairt ar éigeandálaí móra.

### Timpeallacht



Tá Comhairle Contae Liatroma ag obair gach lá chun an comhshaol a chosaint. Leis sin a dhéanamh, téitear i ngleic le truailliú, déantar dramhaíl a bhainistiú agus cuirtear chun cinn an gníomhú aeráide agus an bhithéagsúlacht.

### Oidhreacht agus Caomhnú Ailtireachta




Bíonn Comhairle Contae Liatroma ag obair leis an timpeallacht thógtha stairiúil a cheiliúradh, le daoine a chur ar an eolas ina taobh agus le hí a chaomhnú do na glúnta atá le teacht.

### Tithíocht




Déanann Comhairle Contae Liatroma breis agus 1,000 áit chónaithe a sholáthar agus a bhainistiú ar fud an chontae agus cuireann réimse seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil do thionóntaí agus úinéirí tí.

### Fóillíocht agus Áineas



Cuireann Comhairle Contae Liatroma meascán d'áiseanna fóillíochta, aclaíochta agus caithimh aimsire ar fáil do dhaoine ar gach aois agus gach cumas.

### Leabharlanna



Is áiteanna tarraingteacha fáilteacha iad ár leabharlanna poiblí, áiteanna inar féidir le gach duine den phobal eolas, smaointe agus eolas a fháil agus áiteanna inar féidir leo machnamh agus caidreamh a dhéanamh agus rudaí a fhoghlaim.

### Pleanáil agus Foirgníocht



Déanann Comhairle Contae Liatroma a áirithiú go dtugtar faoi phleanáil chuí ar mhodh inbhuanaithe agus téann i mbun gníomhartha forfheidhmithe nuair is gá.

### Bóithre agus Iompar



Déanann Comhairle Contae Liatroma cothabháil ar bhóithre an chontae agus cuireann bonneagar ar fáil don taisteal gníomhach.

### Turasóireacht



Déanann Comhairle Contae Liatroma an turasóireacht inbhuanaithe a chur chun cinn sa cheantar le go mbeidh gnólachtaí áitiúla in ann tairbhe a bhaint as an ngné bhríomhar seo den gheilleagar.

### Tréidliacht agus Ainmhithe



Cuireann Comhairle Contae Liatroma an úinéireacht fhreagrach madraí agus capall chun cinn.

### Bainistíocht Dramhaíola



Freagracht thábhachtach atá ar Chomhairle Contae Liatroma ná le féachaint chuige go ndéantar an dramhaíl ar fad ó áiteanna cónaithe agus gnólachtaí a bhailiú, a athchúrsáil agus a dhiúscairt de réir mar is cuí.

### Cáilíocht Uisce



Déanann Comhairle Contae Liatroma an draenáil uisce dromchla a bhainistiú agus dabhcha séarachais a iniúchadh chun cáilíocht an uisce a shlánú agus an líon tuilte a laghdú.

# Ar Bhaineamar Amach 2019-2024

## GEILLEAGRACH

- Fuarthas seilbh ar Champas Gnó Chora Droma Rúisc - ionad oifigí lándéanta, 112,000 troigh chearnach, in aice leis an N4.
- €37m de mhaoiniú deontais do thionscadail Bhonneagair, Áineasa agus Turasóireachta
- Deiseanna le Liatroim a chur chun cinn in Imeachtaí Líonraithe Gnó i Nua-Eabhrac, i mBaile Átha Cliath agus i Londain.
- Forbairt ar chósta an Tulacháin - mar cheann cúrsa tarraingteach ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin.
- Fuarthas €0.5 milliún le foirgnimh in anchaoi a athchóiriú ina n-áiseanna pobail.
- Fuarthas 209 iarratas ar Athchóiriú Maoine Folmha, ceadaíodh 145 iarratas acu.
- Forbraíodh an plean faoi Lár Bailte ar dTús do Chora Droma Rúisc agus glacadh leis.

## BÓITHRE AGUS IOMPAR

- 56% de mhéadú ar an gcaiteachas bliantúil i gcomparáid leis an tréimhse 2019 - 2023 - buiséad bliantúil de €16.7 milliún (2019) go €26.1 milliún (2023).
- Cuireadh tús leis an dearadh ar an tionscadal idir Cora Droma Rúisc agus Dromad (dul thart ar Chora Droma Rúisc)
- Cuireadh breis is 100 scéim don Taisteal Gníomhach chun cinn ar fud an chontae
- Cuireadh 30 scéim éagsúil i gcrích faoi thionscnamh nua d'oibreacha don Athléimneacht agus Oiriúnú Aeráide arbh fhiú an infheistíocht iomlán €2.7 milliún.
- Tugadh freagairt ar theagmhais éigeandála nach bhfacthas a leithéid riamh;
  - Sciorradh talún ar an Seas
  - Tornádo i Liatroim.

## AN EAGRAÍOCHT

- Tháinig 27% de mhéadú ar an líon iomlán fostaithe (280 i ndeireadh 2018 - 355 ar an 30/09/2024)
- 144 fostaí istigh (62% acu) a bhfuil socruithe don obair chumaisc acu
- Thuairiscigh 4% d'fhostaithe in 2023 gur daoine iad atá faoi mhíchumas
- -3.91% de bhearna phá idir na hinscní ar an meán, rud a chiallaíonn, ar an meán, go bhfuil an ráta pá in aghaidh na huaire 3.91% níos airde i gcás na mban ná mar atá i gcás na bhfear.

## SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE

- Leabharlann nua i nDroim Dhá Thiar
- Forbairt a dhéanamh ar na leabharlanna brainse i Maothail agus Coillte Clochair.
- An tseirbhís Mo Leabharlann Oscailte a chur ar fáil i Leabharlann Dhroim Seanbhó
- Aistriú Leabharlann Chora Droma Rúisc go háit i lár an bhaile mhóir.
- Bailiúchán iasachta níos fearr agus forbairt ar an mbailiúchán de threalamh céadfach, 'Ciall Chéadfach', atá ann le cuidiú le húsáideoirí a bhfuil riachtanais chéadfacha nó deacrachtaí foghlamtha acu.
- Clár Chomhairle Contae Liatroma mar chuid den chomóradh Deich mBliana na gCuimhneachán

## SEIRBHÍS ÉIGEANDÁLA

- 1001 Glao Éigeandála
- Rinneadh 157 foirgneamh nua a scrúdú

## BONNEAGAR

- Rinneadh €11.2m a infheistiú i Scéim don Athghiniúint Uirbeach i gCora Droma Rúisc
- Tá infheistíocht os cionn €20m á déanamh i scéimeanna Athghiniúna Tuaithe sna bailte móra Cora Droma Rúisc, Béal an Átha Móir, Cluainín, Maothail agus Droim Seanbhó
- Dul chun cinn ar Ghlasbhealach Iarnród Shligigh, Liatroma agus contaetha ó thuaidh
- Dul chun cinn ar an nGormbhealach idir Cora Droma Rúisc agus Béal Átha an Chatha.
- Ionad Áiseanna Spóirt Uisce €1.2m, Loch na nAcraí, i gcéim na foirgníochta faoi láthair
- Cead pleanála faighte le droichead nua a chur isteach áit a bhfuil Droichead Hartley, an dearadh mionsonraithe á dhéanamh anois agus an tairiscint á hullmhú.
- Tá níos mó ná €5m infheistithe sa bhonneagar do Chonairí sa chontae.

## POBAL

- €9.3 milliún do Thionscadail Phobail
- 7,250 duine óg páirteach i ngníomhaíochtaí ag baint le spásanna óige agus clóis súgartha
- Bhí 3,470 duine scothaosta páirteach go pearsanta in imeachtaí agus tionscnaimh ar mhaithe lena sláinte agus folláine
- Ghlac 200 eagraíocht phobail agus dheonach agus 37 bunscoil páirt sa tionscnamh 'Grá don Cheantar Cónaithe'


## TITHÍOCHT

- 1052 teach sóisialta
- Tógadh nó ceannaíodh 176 teach sóisialta
- 300 cigireacht ar áiteanna cónaithe cíosa san earnáil phríobháideach sa bhliain.

# An Timpeallacht Oibriúcháin

Sna cúig bliana atá romhainn, beidh Comhairle Contae Liatroma ag tabhairt faoi dhúshláin agus deiseanna. Tá ceisteanna agus treochtaí domhanda, náisiúnta agus réigiúnacha ag dul i bhfeidhm ar ár gcuid oibre. Tá an timpeallacht oibríochta inmheánach againn de shíor ag athrú agus dlús faoin athrú sin i rith an ama. Caithfimid a bheith freagrúil mar eagraíocht agus is gá dúinn solúbthacht a léiriú agus muid ag dul i ngleic leis na dúshláin seo.

Nuair a rinneadh measúnú cuimsitheach ar nithe ábhartha ag baint leis an timpeallacht oibríochta sheachtrach agus inmheánach sa Chomhairle, tháinig dúshláin agus treochtaí chun cinn a cuireadh san áireamh agus spriocanna agus cuspóirí á socrú don Phlean Corparáideach seo.






# Bonn eolais a chur faoin bplean corparáideach

**Creat Rialála agus Beartais**

Táthar tar éis an Plean Corparáideach a ullmhú i gcomhréir leis an Acht Rialtais Áitiúil, 2001, leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 agus leis na Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla chun Pleananna Corparáideacha a Ullmhú 2024 – 2029, arna n-eisiúint ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.
Mar bhonn eolais faoin bplean seo tá Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, an dualgas san earnáil phoiblí i dtaobh chearta an duine agus réimse forálacha reachtacha mar aon le beartais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. (Aguisín 1)

| Sprioc | Cur Síos ar Spriocanna Ardleibhéil in PÁEP 2023 -2029 |
|---|---|
| Sprioc 1 | Contae ionchuimsitheach folláin cothrom a bheidh i Liatroim fós, contae ina mbeifear ag tacú leis an bhfolláine agus a cheiliúrfar mar áit iontach le cónaí ann. |
| Sprioc 2 | Tabharfar faoin ngníomhú ar son na haeráide i Liatroim le go mbeidh na pobail ann níos inbhuanaithe agus le gach leas a bhaint as an ngeilleagar glas. |
| Sprioc 3 | Déanfar bailte móra agus sráidbhailte Liatroma a athnuachan agus a athbheochan ionas gur áiteanna tarraingteacha iad chun cónaí iontu, dul ag obair iontu agus cuairt a thabhairt orthu. |
| Sprioc 4 | Tabharfar aitheantas do Liatroim as an ngnóthachtáil oideachais, as deiseanna foghlama saoil agus as na deiseanna oiliúna ann. |
| Sprioc 5 | Déanfar an geilleagar nuálach i Liatroim a láidriú agus a éagsúlú, cruthófar fostaíocht fhiúntach agus cuirfear an fhiontraíocht inbhuanaithe chun cinn. |
| Sprioc 6 | Déanfar an timpeallacht nádúrtha agus chultúrtha a chur chun cinn i Liatroim agus beidh tacaíocht ann chun an contae a fhorbairt mar áit turasóireachta ach sin a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe meáite. |

**Comhairliúchán Poiblí**

Agus bonn eolais á chur le chéile don Phlean Corparáideach, tugadh faoi chomhairliúchán poiblí i mí Lúnasa agus mí Mheán Fómhair 2024. Iarradh tuairimí ón bpobal ar réimse ceisteanna, cuir i gcás soláthar seirbhíse, láidreachtaí, dúshláin, deiseanna don chontae, bagairtí, an dualgas san earnáil phoiblí i dtaca le comhionannas agus cearta an duine.

Fuarthas aiseolas a úsáideadh sa Phlean Corparáideach ar na bealaí seo:
- Suirbhéanna poiblí a foilsíodh ar láithreán gréasáin na Comhairle agus a fógraíodh ar na meáin shóisialta, sna meáin áitiúla agus sa Líonra Rannpháirtíochta Pobail
- Comhairliúchán le Comhaltaí Tofa
- Cruinnithe fostaithe, is é sin fostaithe a oibríonn amuigh agus fostaithe a bhíonn ag obair san oifig chomh maith le hoifigigh shinsearacha agus an fhoireann bainistíochta.

Baineadh leas as an aiseolas a fuarthas sa phróiseas comhairliúcháin phoiblí le spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha a leagan amach in ord tosaíochta don phlean seo. Tá forléargas ar na torthaí ón bpróiseas comhairliúcháin in Aguisín 2.

# Na Spriocanna Straitéiseacha



# Pobail a Chothú




Ceangal le Spriocanna Ardleibhéil an PÁEP

| | |
|---|---|
| Sprioc 1 | Contae ionchuimsitheach folláin cothrom a bheidh i Liatroim fós, contae ina mbeifear ag tacú leis an bhfolláine agus a cheiliúrfar mar áit iontach le cónaí ann. |
| Sprioc 2 | Tabharfar faoin ngníomhú ar son na haeráide i Liatroim le go mbeidh na pobail ann níos inbhuanaithe agus le gach leas a bhaint as an ngeilleagar glas. |
| Sprioc 3 | Déanfar an timpeallacht nádúrtha agus chultúrtha a chur chun cinn i Liatroim agus beidh tacaíocht ann chun an contae a fhorbairt mar áit turasóireachta ach sin a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe meáite. |

Ceangal leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe



# Pobail a Chothú

| Saoránacht Ghníomhach | Teacht Aniar agus Cumasú daoine sna Pobail | Pobail Ionchuimsitheacha Shábháilte | Pobail Fholláine Chruthaitheacha |
|---|---|---|---|
| AC1: An comhpháirteachas poiblí a chur chun cinn agus tacú leis an bhforbairt á spreagadh ag an bpobal le go nglacfaidh daoine ról gníomhach lena bpobal a mhúnlú don am atá le teacht. | RE1: An chumhacht a thabhairt do phobail dul i ngleic le dúshláin aeráide, troid ar son an ghníomhaithe aeráide go háitiúil agus an teacht aniar a fhorbairt i gcoinne na n-iarmhairtí ón athrú aeráide. | IS1: Obair a dhéanamh le grúpaí i ngach cuid den phobal agus cumhacht a thabhairt dóibh chun an t-ionchuimsiú sóisialta, comhionannas agus éagsúlacht a chur chun cinn agus na hoibleagáidí san earnáil phoiblí i dtaca le comhionannas agus cearta an duine a chomhlíonadh. | HCC1: Deiseanna níos fearr a thabhairt do phobail le páirt a ghlacadh sa spórt, san áineas agus i ngníomhaíochtaí folláine d'fhonn sláinte agus folláine sna pobail a fheabhsú. |
| AC2: Tacú leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí agus le Comhairle na nÓg lena dheimhniú go mbeidh gach duine rannpháirteach iontu. | RE2: Grúpaí pobail a fhorbairt chun an bonneagar pobail a láidriú ar fud an chontae. | IS2: An Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Áitiúil a chur ar bun chun plé le cúiseanna imní sábháilteachta agus pleananna gníomhaíochta a fhorbairt curtha in oiriúint do riachtanais an phobail áitiúil. | HCC2: Tacaíocht a thabhairt le go gcuirfear i bhfeidhm réimse tionscnamh faoi na cláir Liatroim na Sláinte agus Aoisbhá Liatroma leis an tsláinte agus an fholláine a chur chun cinn. |
| AC3: Rannpháirtíocht an phobail a éascú agus a spreagadh san fhorbairt ar bheartais agus pleananna san údarás áitiúil agus é sin a dhéanamh trí na próisis oscailte chomhairliúcháin agus tríd an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí. | RE3: Ionadaíocht ar dhaoine óga agus leanaí san fhorbairt ar bheartas agus sa chinnteoireacht, agus a rannpháirtíocht sna próisis sin, a éascú agus a spreagadh. | IS3: Tacú le forbairt agus feidhmiú tionscnamh a bheidh ina gcuidiú chun pobail úra agus grúpaí imeallaithe a imeascadh. | HCC3: Daoine agus pobail a spreagadh lena gcuid cruthaitheachta a chíoradh. Deiseanna agus rannpháirtíocht sna healaíona a chur chun cinn i gcomhar le páirtithe leasmhara. |
| AC4: Deiseanna a aimsiú don fhorbairt áitiúil agus do thionscnaimh bunaithe ar an ionchuimsiú sóisialta. | RE4: Aitheantas agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine a dhéanann obair dheonach. | IS4: Féachaint chuige lena dheimhniú go mbeidh gach duine i ngach pobal in ann seirbhísí, bonneagar agus saoráidí sa chontae a úsáid. | HCC4: Tacú le daoine lena saol a chaitheamh go neamhspleách ina n-áit chónaithe féin. |
| AC5: Tacú le gníomhartha agus iad a chur i bhfeidhm faoi Phlean Eacnamaíoch agus Pobail Liatroma, 2024- 2029. | RE5: Rannpháirtíocht daoine scothaosta a fheabhsú le sláinte, slándáil, neamhspleáchas agus saol gníomhach níos fearr a shlánú. | IS5: Pobail a chosaint ar dhóiteáin agus ar éigeandálaí eile as bheith ag obair le gníomhaireachtaí eile go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta. | HCC5: Bainistiú éifeachtach agus ionchuimsitheach ar an eastát a chur chun cinn |
| AC6: Plé le diaspóra Liatroma agus na gníomhartha sa Straitéis um an Diaspóra a chur i bhfeidhm. | RE6: Cláir PEACEPLUS a chur i bhfeidhm faoi Phlean Gníomhaíochta Áitiúil Liatroma agus faoin gclár Pobail a Shamhlú Arís. | IS6: Gach leas a bhaint as rannpháirtíocht dheonach sa Chosaint Shibhialta le go mbeidh siad in ann tacú leis na seirbhísí éigeandála agus tabhairt faoina gcuid gníomhaíochtaí tacaíochta pobail. | |



# Gnólachtaí agus an Geilleagar a Fhás




Ceangal le Spriocanna Ardleibhéil an PÁEP

| | |
|---|---|
| Sprioc 3 | Déanfar bailte móra agus sráidbhailte Liatroma a athnuachan agus a athbheochan ionas gur áiteanna tarraingteacha iad chun cónaí iontu, dul ag obair iontu agus cuairt a thabhairt orthu. |
| Sprioc 4 | Tabharfar aitheantas do Liatroim as an ngnóthachtáil oideachais, deiseanna foghlama saoil agus deiseanna oiliúna ann. |
| Sprioc 5 | Déanfar an geilleagar nuálach i Liatroim a láidriú agus a éagsúlú, cruthófar fostaíocht fhiúntach agus cuirfear an fhiontraíocht inbhuanaithe chun cinn. |

Ceangal leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe



# Gnólachtaí agus an Geilleagar a Fhás

| Forbairt Gheilleagrach | Fiontraíocht | Pleanáil agus Bonneagar Inbhuanaithe | Turasóireacht |
|---|---|---|---|
| **ED1:** Deiseanna do ghnólachtaí a chur chun cinn sa Chontae lena cuid oibríochtaí a chur ar bun, a athlonnú nó a fhorbairt. | **E1:** Tacaíocht don fhiontraíocht a chur ar fáil bunaithe ar riachtanais agus deiseanna áitiúla. | **SP1:** Gach leas agus is féidir a bhaint as gach deis ar mhaoiniú le bonneagar an Chontae a chothabháil agus a fhorbairt níos mó. | **T1:** Branda turasóireachta Liatroma a fhorbairt agus a fheabhsú. |
| **ED2:** Gach spás a úsáid agus a ligean amach ar Champas Gnó Chora Droma Rúisc. | **E2:** Comhaontú Seirbhíse a sholáthar agus a chur i bhfeidhm chomh maith le cláir náisiúnta nua sonraithe ag Fiontraíocht Éireann. | **SP2:** Bonneagar inbhuanaithe áitiúil a aithint, a phleanáil agus a sholáthar chun tacú leis an ngeilleagar. | **T2:** Margaíocht ghníomhach a dhéanamh agus deiseanna do chuairteoirí i Liatroim a chur chun cinn le líon níos airde cuairteoirí a mhealladh chun an Chontae. |
| **ED3:** Gach leas agus is féidir a bhaint as comhar agus comheagar le gníomhaireachtaí i dtaca le forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha sa Chontae, é sin tríd an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil. | **E3:** Cláir mhaoinithe Eorpacha a aimsiú agus páirt a ghlacadh iontu go háitiúil agus go réigiúnach chun an geilleagar áitiúil a láidriú agus a fhorbairt níos mó. | **SP3:** Clár cuimsitheach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, trí Bhonneagar Iompair Éireann agus an Roinn Iompair, leis an líonra bóithre a uasghrádú, a chothabháil agus a fheabhsú. | **T3:** Forbairt a dhéanamh ar an tairbhe atá le baint as na féilte bliantúla aitheanta sa Chontae. |
| **ED4:** Straitéiseach Dhigiteach úr a fhorbairt. | **E4:** An t-éiceachóras fiontraíochta i Liatroim a láidriú le gnólachtaí nua a mhealladh agus chun tacú le gnólachtaí atá cheana ann. | **SP4:** Áiseanna, saoráidí agus spásanna deasa sábháilte a chur ar fáil agus a chothabháil a mbeidh teacht ag cách orthu. | **T4:** Na deiseanna a bhaineann leis an Turasóireacht i Liatroim a chur chun cinn go gníomhach agus a fhorbairt trí mheán an Fhóraim Turasóireachta. |
| **ED5:** Bonneagar leathanbhanda a iarraidh agus a éascú agus tacaíocht a thabhairt ina leith chun an Plean Náisiúnta Leathanbhanda a chur i gcrích. | **E5:** Cur le tacaíochtaí san earnáil agus cláir oiliúna do thionscail lárnacha, mar shampla bia, ceardaíocht, innealtóireacht agus turasóireacht. | **SP5:** Maoiniú leanúnach a lorg chun dul chun cinn a dhéanamh ar Scéimeanna don Taisteal Gníomhach a mbeidh teacht ag cách orthu ar fud an Chontae. | **T5:** Tacaíocht a thabhairt agus páirt a ghlacadh nuair a dhéantar forbairt ar dheiseanna agus áiseanna don turasóireacht réigiúnach agus trasteorann. |
| **ED6:** Cur le deiseanna chun bheith ag plé agus ag obair i gcomhar leis an diaspóra | **E6:** Díriú ar thionscnaimh inbhuanaithe agus ar an ngeilleagar ciorclach leis an lorg carbóin a laghdú agus le pobal aeráid-díonach a fhorbairt | **SP6:** Dul i mbun oibre go dlúth le húdaráis eile thart orainn agus gníomhaireachtaí tábhachtacha lena dheimhniú go mbeidh an phleanáil agus forbairt ar bhonneagar comhréireach, leanúnach agus ar shlí a rachaidh chun tairbhe do chách lena mbaineann | **T6:** Dul i mbun oibre i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, leis an bpobal agus le ranna maoinithe le forbairt a dhéanamh ar shócmhainní nádúrtha turasóireachta agus ar bhonneagar. |
| **ED7:** Breathnú ar roghanna inbhuanaithe soghluaisteachta agus iad a fhorbairt le roghanna eile ar charranna a thabhairt, roghanna a bheidh sábháilte, glas agus a mbeidh teacht ag cách orthu. | **E7:** Cur leis an tacaíocht atá ar fáil don athrú digiteach ionas go mbeidh béim ar theicneolaíocht nua atá ag teacht chun cinn, mar shampla an intleacht shaorga agus an chibearshlándáil. | **SP7:** Féachaint chuige lena chinntiú go dtabharfar creat cuí ceannródaíoch don Chontae faoin bPlean Forbartha Contae agus faoin bPlean Ceantair Áitiúil agus go mbeidh tacaíocht ann don fhás cothrom inbhuanaithe. | **T7:** Gach leas a bhaint as na brandaí turasóireachta a bhaineann le Slí an Atlantaigh Fhiáin agus Croíthailte na hÉireann faoi Cheilt. |
| **ED8:** Tacú leis an earnáil chruthaitheach a lorg náisiúnta agus domhanda a fhás chun an clú atá ar Liatroim mar chroílár cruthaitheachta a fhorbairt. | **E8:** Cur le deiseanna le Liatroim a fhorbairt mar áit thábhachtach chruthaitheachta bunaithe ar thionscadail reatha, mar shampla Croíthailte Cruthaitheacha. | **SP8:** Dul i ngleic i gcónaí leis na hiarmhairtí atá fágtha ó fhorbraíochtaí tithíochta nár cuireadh i gcrích agus dul i gceannas ar chúrsaí | |
| **ED9:** Breathnú ar dheiseanna a bheadh ann oideachas tríú leibhéal a sholáthar sa Chontae. | **E9:** Cur le cuspóirí faoin bPlean Réigiúnach Fiontraíochta. | **SP9:** Breathnú ar dheiseanna le bonneagar uisce agus fuíolluisce an Chontae a fheabhsú chun riachtanais reatha agus feasta a shásamh. | |



# Áiteanna agus an Timpeallacht a Fhorbairt




Ceangal le Spriocanna Ardleibhéil an PÁEP


| | |
|---|---|
| Sprioc 2 | Tabharfar faoin ngníomhú ar son na haeráide i Liatroim le go mbeidh na pobail ann níos inbhuanaithe agus le gach leas a bhaint as an ngeilleagar glas. |
| Sprioc 3 | Déanfar bailte móra agus sráidbhailte Liatroma a athnuachan agus a athbheochan go seasta ionas gur áiteanna tarraingteacha iad chun cónaí iontu, dul ag obair iontu, gnó a dhéanamh iontu agus cuairt a thabhairt orthu. |
| Sprioc 6 | Déanfar an timpeallacht nádúrtha agus chultúrtha a chur chun cinn i Liatroim agus beidh tacaíocht ann chun an contae a fhorbairt mar áit turasóireachta ach sin a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe meáite. |

Ceangal leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe



# Áiteanna agus an Timpeallacht a Fhorbairt

| Tithíocht | Bailte móra agus Sráidbhailte | Gníomhú ar son na haeráide, an Bhithéagsúlacht agus Cosaint an Chomhshaoil | Oidhreacht agus Cultúr |
|---|---|---|---|
| **H1:** Deiseanna a aimsiú chun tithe inacmhainne ardchaighdeáin príobháideacha agus sóisialta a sholáthar ar fud an Chontae. | **TV1:** Lár bailte móra a fhorbairt le go mbeidh siad tarraingteach ag muintir na háite, cuairteoirí agus lucht siopadóireachta ar fad. | **CA1:** Plean Gníomhaíochta Aeráide 2024-2029 na Comhairle a chur chun feidhme le dul i ngleic leis an athrú aeráide agus straitéisí maolaithe agus oiriúnaithe a chur chun cinn. | **HC1:** Oidhreacht agus cultúr áiteanna sa chontae a chur chun cinn agus an oidhreacht nádúrtha, thógtha agus ailtireachta a chosaint. |
| **H2:** An t-éileamh ar thithíocht inacmhainne a athbhreithniú agus a réiteach trí bhíthin scéimeanna tithíochta cuí a fhorbairt. | **TV2:** Tarraingteacht agus cuma na mbailte móra agus sráidbhailte sa chontae a fheabhsú, cur chuige onnghníomhach a ghlacadh agus dul i mbun oibre i gcomhar le pobail na n-áiteanna sin. | **CA2:** Tionscnaimh a chur chun cinn lena chinntiú go mbainfidh Cora Droma Rúisc stádas amach mar Chrios Dícharbónaithe. | **HC2:** Beocht aitheanta ealaíonta agus chultúrtha an chontae a chur chun cinn. |
| **H3:** Infheistíocht a dhéanamh go leanúnach sa stoc tithíochta sóisialta reatha, agus é a athchóiriú, le spriocanna aeráide agus fuinnimh a bhaint amach. | **TV3:** An ríocht phoiblí a fheabhsú le go mbeidh teacht níos fearr ag cách uirthi. | **CA3:** Clár den athchóiriú agus uasghrádú ar fhoirgnimh ar leis an gComhairle iad a chur i bhfeidhm chun spriocanna aeráide agus fuinnimh a bhaint amach. | **HC3:** Deis a thabhairt do gach duine plé leis na healaíona agus páirt a ghlacadh iontu. |
| **H4:** Seirbhís ghníomhach tithíochta a chur ar fáil ina bhfreastalaítear ar riachtanais gach duine agus na hoibleagáidí atá orainn san Earnáil Phoiblí maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine á gcur san áireamh. | **TV4:** Foirgnimh fholmha agus thréigthe a choinneáil ar leibhéal chomh híseal agus is féidir agus, san am céanna, an t-athrú cuspóra a chur chun cinn ó thaobh láithreáin agus foirgnimh fholmha de chun críocha geilleagracha, tithíochta, pobail, cultúrtha nó fóillíochta. | **CA4:** An Plean Bithéagsúlachta agus Plean do Gach Pailneoir a chur le chéile do Liatroim agus a chur i bhfeidhm | **HC4:** Tacú le Dánlann an Dock mar ionad cultúrtha ceannródaíoch do shaoránaigh agus cuairteoirí agus tacú go leanúnach le hionaid chultúrtha an Chontae i gcomhar leis na pobail sna háiteanna sin. |
| **H5:** Bainistíocht sócmhainní a sholáthar ar bhealach táirgiúil, éifeachtach agus éifeachtúil. Rátaí ísle d'fhoirgnimh fholmha a choinneáil i bhfeidhm in aonaid tithíochta sóisialta ar fud an chontae. | **TV5:** Tacú le foirne agus pobail bailte móra le go mbeidh siad in ann na bailte móra agus sráidbhailte a athbheochan de thoradh ar phleananna gníomhaíochta agus struchtúir áitiúla a fhorbairt. | **CA5:** Monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an uisce in aibhneacha, sruthláin agus lochanna agus cáilíocht an uisce a dheimhniú. | **HC5:** Seirbhísí gníomhacha ionchuimsitheacha leabharlainne a chinntiú a mbeidh teacht ag cách orthu agus béim ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, ar chaitheamh aimsire agus ar mhodh do chách le teacht ar eolas. |
| **H6:** Spriocanna soláthair a bhaint amach faoin bPlean Gníomhaíochta Tithíochta agus faoin gClár Cóiríochta do Thaistealaithe. | **TV6:** Gach leas a bhaint as na sruthanna maoinithe ar fad atá ar fáil agus a bhaineann le feabhsú bailte móra agus sráidbhailte. | **CA6:** Iarrachtaí le truailliú uisce, dramhaíola, aeir agus torainn a chur chun cinn bunaithe ar fheasacht an phobail agus oideachas. | **HC6:** Iarracht a dhéanamh ar gach deis ar mhaoiniú le saoráidí bríomhara oscailte leabharlainne a fhorbairt chun bheith mar acmhainní lárnacha don phobal, go háirithe spás nua leabharlainne i gCora Droma Rúisc. |
| **H7:** Croí Cónaithe a chur chun cinn agus daoine a mhealladh le leas a bhaint as chun tithe folmha a úsáid arís le nach mbeidh foirgnimh thréigthe ann. | **TV7:** Tionscnaimh a bhaineann leis an Taisteal Gníomhach a aimsiú agus a chur i bhfeidhm. | **CA7:** Cur chuige bainistithe comhordaithe i leith draenála agus tuilte a chur i bhfeidhm. | **HC7:** Tacú le cur chun cinn na Gaeilge. |



# An Eagraíocht a Fheabhsú




Ceangal le Spriocanna Ardleibhéil an PÁEP

| | |
|---|---|
| Sprioc 1 | Contae ionchuimsitheach folláin cothrom a bheidh i Liatroim fós, contae ina mbeifear ag tacú leis an bhfolláine agus a cheiliúrfar mar áit iontach le cónaí ann. |
| Sprioc 2 | Tabharfar faoin ngníomhú ar son na haeráide i Liatroim le go mbeidh na pobail ann níos inbhuanaithe agus le gach leas a bhaint as an ngeilleagar glas. |
| Sprioc 3 | Déanfar bailte móra agus sráidbhailte Liatroma a athnuachan agus a athbheochan go seasta ionas gur áiteanna tarraingteacha iad chun cónaí iontu, dul ag obair iontu agus cuairt a thabhairt orthu. |
| Sprioc 4 | Tabharfar aitheantas do Liatroim as an ngnóthachtáil oideachais, as deiseanna foghlama saoil agus as na deiseanna oiliúna ann. |
| Sprioc 5 | Déanfar an geilleagar nuálach i Liatroim a láidriú agus a éagsúlú, cruthófar fostaíocht fhiúntach agus cuirfear an fhiontraíocht inbhuanaithe chun cinn. |
| Sprioc 6 | Déanfar an timpeallacht nádúrtha agus chultúrtha a chur chun cinn i Liatroim agus beidh tacaíocht ann chun an contae a fhorbairt mar áit turasóireachta ach sin a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe meáite. |

Ceangal leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe



# An Eagraíocht a Fheabhsú

| Tacaíocht do Chomhaltaí Tofa | Tacaíocht dár nOibrithe | Soláthar Seirbhíse | Modhanna Oibre a Athrú |
|---|---|---|---|
| **SE1:** Cultúr den chomhar agus freagracht chomhchoiteann a éascú agus a chothú idir Ionadaithe Tofa agus an Feidhmeannas. | **SW1:** Straitéis nua don lucht saothair a fhorbairt le creatlach a chur ar fáil do threo agus forbairt an lucht saothair amach anseo. | **SD1:** Seirbhísí a sholáthar go freagrúil ar bhonn solúbtha ar shlí ina gcomhlíontar na hoibleagáidí faoin Dualgas san Earnáil Phoiblí maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine. | **TW1:** Clár den athrú digiteach ó bhonn a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm le daoine agus rannpháirtíocht a spreagadh agus le feabhas a bhaint amach ó thaobh éifeachtacht oibríochtaí de. |
| **SE2:** Tacú leis an gCathaoirleach ina ról mar chéadsaoránach an Chontae. | **SW2:** An eagraíocht a fhorbairt le gur "fostóir rogha" a bheidh ann ionas go mbeifear in ann lucht saothair a mhealladh, a earcú, a fhorbairt agus a choinneáil ar bord. | **SD2:** Cultúr a chothú den fheabhas leanúnach agus den cheannródaíocht sa soláthar seirbhíse. | **TW2:** Cultúr den fheabhsú ar phróisis ghnó a chothú leis an tseirbhís do chustaiméirí agus sreafaí oibre a fheabhsú i ngach roinn. |
| **SE3:** Seirbhís tacaíocht ardchaighdeáin a sholáthar do Chomhaltaí | **SW3:** Cultúr den chumasú, foghlaim leanúnach agus forbairt leanúnach a fhorbairt. | **SD3:** Cur chuige dírithe ar an duine a dhaingniú san eagraíocht i dtaobh seirbhísí a sholáthar agus a fheabhsú. | **TW3:** Fuascailtí maoinithe a fhorbairt chun infheistíocht a dhéanamh in acmhainní, bogearraí teicneolaíochta agus córais chun éifeachtúlacht a bhaint amach in oibríochtaí. |
| **SE4:** Córais agus nósanna imeachta a fhorbairt, a éascú agus a chur i bhfeidhm le cuidiú leis na Comhaltaí Tofa ina ról mar Ionadaithe Poiblí. | **SW4:** Caidreamh agus plé dearfach le fostaithe a chothú. | **SD4:** Gach leas a bhaint as acmhainní airgeadais agus iad a bhainistiú go héifeachtach chun riachtanais ó thaobh soláthar seirbhíse de a shásamh ionas go mbeidh luach ar airgead ann. | **TW4:** Gach leas a bhaint as an gcóiríocht oifige ar fad atá ar fáil chun "spásanna oibre don am atá le teacht" a fhorbairt a mbeidh socruithe don obair chumaisc mar chuid díobh. |
| **SE5:** Tacú le rannpháirtíocht saoránach agus a ról sa chinnteoireacht go háitiúil. | **SW5:** Tacú le folláine foirne agus timpeallacht oibre a chothú a bheidh cothrom, sláintiúil agus sábháilte. | **SD6:** An straitéis chumarsáide atá againn a athbhreithniú agus a leasú chun feabhas. | **TW6:** Bearta dearfacha a dhéanamh le hastaíochtaí carbóin a laghdú ionas gur glaise agus inbhuanaithe a bheidh an eagraíocht. |
| | **SW6:** An éagsúlacht, an comhionannas agus cearta an duine a chur chun cinn san áit oibre. | **SD7:** A chinntiú go mbítear ag cloí le gach oibleagáid ó thaobh cosaint sonraí de. | **TW7:** Seirbhísí dátheangacha a chur ar fáil le hoibleagáidí a chomhlíonadh faoin bPlean Náisiúnta do Sheirbhísí Poiblí Gaeilge 2024 – 2030. |



## Na Bunluachanna agus Prionsabail Rialachais atá againn

Tá 400 fostaí ag obair san eagraíocht againn le breis agus 1,000 seirbhís a sholáthar. Táimid uaillmhianach, díograiseach agus dúthrachtach faoi na torthaí is fearr agus is féidir a bhaint amach do Chontae Liatroma, do mhuintir an Chontae agus don fhoireann atá ag obair linn. Agus muid ag féachaint lenár gcuid spriocanna a bhaint amach, mar threoir againn beidh cnuasach de bhunluachanna agus prionsabail rialachais mar atá leagtha amach sa Chód Rialachais don Rialtas Áitiúil, Cód a bheidh mar bhonn faoi gach a ndéanaimid.

**Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine**
Tá Comhairle Contae Liatroma díograiseach maidir leis an Dualgas san Earnáil Phoiblí don Chomhionannas agus do Chearta an Duine a chomhlíonadh chun deireadh a chur leis an leithcheal, chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus chun cearta daoine ár gcustaiméirí agus fostaithe a chosaint.



# Cur chun Feidhme agus Monatóireacht

## MAR A DHÉANAIMID FEIDHMÍOCHT A MHEAS

### PLEAN CORPARÁIDEACH 2024- 2029

• Inar féidir féachaint ar na tosaíochtaí ardleibhéil don Chomhairle sa tréimhse cúig bliana.

### PLEAN BLIANTÚIL SOLÁTHAIR SEIRBHÍSE AGUS BUISÉAD BLIANTÚIL

- Ina ndéantar na cuspóirí ón bPlean Corparáideach a aistriú ina mbearta insoláthartha agus tacaíocht ann dóibh sna dáiltí ón mbuiséad bliantúil.

### PLEANANNA FOIRNE AGUS CLÁIR RIOSCAÍ NA ROINNE

- Pleananna oibriúcháin d'fhoirne agus iad ag teacht leis na tosaíochtaí sa phlean bliantúil soláthair seirbhíse.

### BAINISTÍOCHT FEIDHMÍOCHTA AN DUINE - PLEAN FORBARTHA PEARSANTA

• Déantar cuspóirí agus spriocanna do bhaill foirne a nascadh le tosaíochtaí ón bplean foirne.

## AN TSLÍ A NDÉANAIMID FEIDHMÍOCHT A THUAIRISCIÚ

Tabharfar faoi thuairisciú ar dhul chun cinn le maoirseacht a dhéanamh i dtaca le cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Déanfar é sin ar chúpla bealach sna blianta 2024 -2029 mar seo a leanas:

- Tuarascáil mhíosúil na bainistíochta don Chomhairle
- Tuarascáil bhliantúil ar Dhul chun Cinn don Chomhairle
- Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle
- Tuarascáil Bhliantúil maidir le Táscairí Náisiúnta Seirbhíse (arna cur ar fáil ag an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchta)
- Ráiteas Bliantúil Airgeadais agus Tuarascálacha Iniúchóra

# Aguisín 1 – Beartais agus Straitéisí

## NÁISIÚNTA/AE

Creat Náisiúnta Pleanála 2040
Pleananna Soláthair Gníomhaíochta Tithíochta
Plean Náisiúnta na hÉireann maidir le Fuinneamh agus Gníomhú ar son na hAeráide 2021 – 2030
An Plean Gníomhaíochta um an mBithéagsúlacht 2023 – 2030
An Plean Náisiúnta Leathanbhanda
An Plean Forbartha Náisiúnta
Straitéis na hÉireann um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021 – 2030
Plean Náisiúnta Cur Chun Feidhme maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2022-2024
An Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022 - 2027
An Beartas Náisiúnta Spórt 2018 – 2027
An tionscadal CycleConnects – Líonra Rothaíochta na hÉireann – Taisteal Gníomhach
Creat Beartais Turasóireachta
An Plean Forfheidhmithe Náisiúnta Tithíocht ar dTús, 2022 – 2026
Tithíocht do Chách
Comhaontú Seirbhíse 2024 – 2026
An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
Pleananna Údarás Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide
An Plean Náisiúnta Oidhreachta: Oidhreacht Éireann 2030
An Straitéis Náisiúnta don Ghaeilge 2010 – 2030
Treoir an AE maidir le Tuilte
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil), 2023
Plean an AE um an Aistriú Cóir d’Éirinn, 2021 – 2027
Straitéis an Aontais Eorpaigh um Oiriúnú don Athrú Aeráide
Éire na Sláinte: Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Feabhsaithe, 2013-2025

## RÉIGIÚNACH

Clár oibriúcháin Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair
Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnach Chonnacht agus Uladh
Pleananna Réigiúnacha Fiontraíochta an Iarthuaiscirt
Straitéis Réigiúnach an Iarthuaiscirt um Easpa Dídine, 2023 – 2028
Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair

# Aguisín 1 – Beartais agus Straitéisí

**ÁITIÚIL**

Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíoch, 2020 – 2032
Pleananna Bainistithe Riosca Tuilte ábhartha de réir CFRAMS
Plean Forbartha Contae Liatroma, 2023 – 2029
Plean Ceantair Áitiúil Chora Droma Rúisc
Straitéis Aoisbhá Chontae Liatroma, 2022 - 2026
Plean Ealaíon Chontae Liatroma, 2024 – 2027
Plean Oidhreachta Chontae Liatroma, 2020 – 2025
Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chontae Liatroma, 2023 – 2029
Plean Gníomhaíochta Soláthair Tithíochta Liatroma, 2022 - 2026
Straitéis Chontae Liatroma um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2023 – 2030
Straitéis Turasóireachta Chontae Liatroma, 2023 – 2027
An Buiséad a Glacadh, Comhairle Contae Liatroma, 2025
Plean Chomhairle Contae Liatroma um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2024 – 2029
Cairt Chomhairle Contae Liatroma do Chustaiméirí
Scéim Gaeilge Chomhairle Contae Liatroma
Plean Soláthair Seirbhíse Chomhairle Contae Liatroma
Plean Seirbhíse Geimhridh Chomhairle Contae Liatroma
Clár Forbartha Leabharlann Chomhairle Contae Liatroma, 2021 – 2025
Clár Cóiríochta do Thaistealaithe Chomhairle Contae Liatroma, 2025-2029
Plean Móréigeandála Chomhairle Contae Liatroma
Plean Bainistíochta Bruscair Chomhairle Contae Liatroma
Straitéis Dhigiteach Liatroma go 2025
Straitéis Chumarsáide Chomhairle Contae Liatroma
Pleananna Bithéagsúlachta Liatroma, 2023-2029
Plean Gníomhaíochta Liatroma i dtaobh Torainn, 2024 - 2028
Ráiteas Beartais Oifigí Fiontair Áitiúla, 2024 - 2030
An Straitéis maidir le hÁiteanna Súgartha, 2021 – 2026
Scéim an Choiste um Beartas Straitéiseach, 2024-2029

**Liosta táscach seachas uileghabhálach atá anseo.*

# Aguisín 2 - Próiseas Comhairliúcháin Phoiblí

## LÁIDREACHTAÍ

- Liatroim mar áit chónaithe, le dul amach agus le bheith ag obair ann - tá na daoine cairdiúil.
